Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**12582/26**

**SOC 556**
**EMPL 315**
**SAN 628**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Cipire |

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair thar ceann na Cipire**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/126 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2062/94 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

---

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 58.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh an 28 Márta 2023[2], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair don tréimhse ón 1 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2027.

(2) Tá suíochán mar chomhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Aristodemos ECONOMIDES as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag Rialtas na Cipire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[2] Cinneadh ón gComhairle an 28 Márta 2023 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA) (IO L 116, 31.3.2023, lch. 19).

*Airteagal 1*

Ceaptar Chrysanthos SAVVIDES ina chomhalta ar Bhord Bainistíochta na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair in ionad Aristodemos ECONOMIDES, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2027.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*